An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide

# Ceacht 4



## Faigh tuiscint ar cad is brí le riachtanas agus le mian agus cén difríocht atá eatarthu

**Cuspóir Foghlama**

Go mbeadh na leanaí in ann a thuiscint cad is brí le riachtanas agus le mian agus cén difríocht atá eatarthu.

**Toradh Foghlama**

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann a thuiscint cad is brí le riachtanas agus le mian agus cén difríocht atá eatarthu.

**Nótaí na Mhúinteora**

Is éard is riachtanas ann ná rud éigin nach féidir leat déanamh ina éagmais, mar shampla aer nó uisce. Is éard is mian ann rud éigin ba mhaith leat a bheith acu, mar shampla bróga reatha, seacláid. Tá rudaí áirithe a théann sa dá ghrúpa. Sa mhéid go n-imríonn fógraíocht tionchar ar ár mothúcháin, is féidir leis tionchar a imirt freisin ar na nithe a smaoinímid agus theastaíonn uainn. Tá sé deacair go leor do leanaí an difríocht idir mianta agus riachtanais a thuiscint. Is minic a bhraitheann leanaí go bhfuil rud éigin riachtanach dóibh, mar shampla bréagán, cluiche, sólaiste áirithe, etc. Ach déanta na fírinne is mianta roinnt de na rudaí sin seachas riachtanais. Is scil thábhachtach í an tuiscint a fhorbairt ar an difríocht idir mianta agus riachtanais.

**Acmhainní**

- An ghníomhaíocht idirghníomhach *'Mianta agus Riachtanais'*
- Áiritheoirí
- Gníomhaíocht 4.1
- Gníomhaíocht 4.2
- An físeán *'An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide'*

**Modheolaíocht**

- Caint agus plé: Nasc a aithint idir na mothúcháin a bhraithimid agus na nithe a fheicimid; Mianta agus Riachtanais
- Foghlaim ghníomhach: Cluiche na nÁiritheoirí
- Réiteach Fadhbanna: An Cluiche 'Riachtanas nó Mian'
- Scileanna trí mheán an ábhair: an ghníomhaíocht idirghníomhach *'Riachtanais agus Mianta'*; An físeán *'An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide'*

An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide

# Ceacht 4



## Cur Chuige

**Céim 1: Nasc a aithint idir na mothúcháin a bhraithimid agus na nithe a fheicimid**

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhoghlaim siad faoi mhothúcháin an uair dheireanach.
- Fiafraigh de na leanaí an cuimhin leo aon mhothúchán ar labhair siad fúthu an uair dheireanach.

*Seans go luafaidh na leanaí mothúcháin mar seo: sonas, míshonas, fearg, leadrán, spéis, ionadh, eagla, buairt.*

- Fiafraigh de na leanaí cathain a bhraithfidís na mothúcháin sin.
- Fiafraigh de na leanaí an mbraitheann siad mothúcháin éagsúla nuair a fheiceann siad rud éigin deas sa siopa.

*Seans go luafaidh leanaí go mbraitheann siad sonas nuair a fheiceann siad bia, bréagán nó cluiche a thaitníonn leo.*

- Fiafraigh de na leanaí cén gotha gnúis a bheadh ag gabháil le mothúchán ar leith, abair dá bhfeicfidís an bia, bréagán nó cluiche sin sa siopa.
- Fiafraigh de na leanaí an mbeadh sonas, míshonas, imní etc. orthu.

**Céim 2: Riachtanais agus Mianta**

- Mínigh gurb é atá i gceist le riachtanas rud éigin is gá duit a bheith agat, rud éigin nach féidir leat déanamh ina éagmais.
- Fiafraigh de na leanaí an féidir leo aon rud a ainmniú nach féidir leo déanamh ina éagmais, rud éigin atá riachtanach.

*Seans go luafaidh na leanaí bia, aer nó uisce.*

- Mínigh gurb é atá i gceist le mian ná rud éigin ba mhaith leo a bheith acu, ach is féidir déanamh gan é.
- Fiafraigh de na leanaí an féidir leo aon rud a ainmniú ar mhaith leo é a bheith acu, ach ar féidir leo déanamh gan é.

*Seans go luafaidh na leanaí cluiche ríomhaireachta, bróga reatha, barra seacláide.*

- Mínigh go bhfuil roinnt rudaí a rachadh sa dá ghrúpa, mar shampla bia.
- I mbeirteanna nó i ngrúpaí iarr ar na leanaí liosta a scríobh de gach rud ar dóigh leo ar riachtanas é dóibh agus nithe eile a mheasann siad a bheith ina mianta acu féin.
- Is féidir leis na beirteanna agus na grúpaí a liostaí a chur i gcomparáid lena chéile agus cinneadh a dhéanamh cad a théann isteach sa dá ghrúpa faoi seach– riachtanais agus mianta.




**Gníomhaíocht Idirghníomhach**

**Céim 3: An ghníomhaíocht idirghníomhach *'Mianta agus Riachtanais'***

- Abair leis na leanaí go bhfuil siad chun triail a bhaint as an ngníomhaíocht idirghníomhach chun iniúchadh a dhéanamh ar an difríocht idir riachtanas agus mian.
- Oscail an ghníomhaíocht idirghníomhach *'Mianta agus Riachtanais'* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie, a dhíríonn ar tháirgí éagsúla ar riachtanais nó mianta iad do leanaí –torthaí, éadaí, bréagáin, seacláid, bainne nó leaba (mar léiriú ar chodladh), leabhair, cógais, trealamh spóirt, torthaí, teilifís, uachtar reoite
- Tabhair an deis do na leanaí roghnú an riachtanais iad nó an mianta iad. Iarr ar na leanaí an rogha sin a mhíniú.

# Ceacht 4



## **Cur Chuige** ar lean

**Céim 4: Cluiche na nÁiritheoirí**


- Ag leanúint ón ngníomhaíocht dheireanach, abair leis na leanaí go bhfuil siad chun cluiche a imirt leis na híomhánna go léir de nithe ar riachtanais iad agus ar mianta iad.
- Dáil gníomhaíocht 4.1, ar na leanaí agus iarr orthu breathnú ar na híomhánna go léir ar cuimhin leo iad ón ngníomhaíocht idirghníomhach *'Mianta agus Riachtanais'*
- Iarr ar na leanaí gach ceann de na híomhánna a ainmniú agus an rogha a dhéanamh cibé acu an riachtanas nó mian atá ann.
- Dáil áiritheoirí daite ar na leanaí agus iarr orthu na híomhánna go léir ar riachtanais iad a chlúdach le háiritheoirí de dhath amháin e.g. gorm.
- Bain leas as an ngníomhaíocht idirghníomhach *'Mianta agus Riachtanais'* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise website, www.MediaWise.ie, chun freagraí an ranga a sheiceáil.


Gníomhaíocht 4.1

Gníomhaíocht 4.1

**Céim 5: An Cluiche 'Riachtanas nó Mian'**

- Mínigh do na leanaí go bhfuil siad chun gníomhaíocht a dhéanamh bunaithe ar an méid atá díreach foghlamtha acu.
- Ag úsáid Ghníomhaíocht 4.1 is féidir leis na leanaí na híomhánna a ghearradh amach de tháirgí éagsúla ar riachtanas nó mian dóibh iad: torthaí, éadaí, bréagáin, seacláid, bainne nó leaba (mar léiriú ar chodladh), leabhair, cógais, trealamh spóirt, torthaí, teilifís, uachtar reoite
- Is féidir leo na híomhánna éagsúla sin a ghreamú isteach sna spásanna cuí – riachtanais nó mianta ar Ghníomhaíocht 4.2.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chur i gcrích, bain leas as an ngníomhaíocht idirghníomhach *'Mianta agus Riachtanais'* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise website, www.MediaWise.ie, chun a sheiceáil go bhfuil siad curtha ar an taobh ceart.


Gníomhaíocht 4.2

Riachtanais

Mianta

Gníomhaíocht 4.2

**Céim 6: An físeán *'An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide'***

- Abair leis na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr mar gheall ar riachtanais agus mianta.
- Seinm an físeán 'An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide'
- Cuir an físeán ar sos agus fiafraigh de na leanaí an bhfuil aon samplaí de mhianta agus riachtanais feicthe acu.
- Tar éis an fhíseáin, fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad nó ar chuala siad aon rud nach raibh ar eolas acu cheana.
- Mínigh dóibh go leanfaidh siad orthu ag foghlaim faoi mhothúcháin agus faoi na meáin agus faoi fhógraíocht, ach idir an dá linn gur chóir dóibh súil a choinneáil amach d'aon fhógraí a thugann siad faoi deara sna meáin chumarsáide, agus an dóigh leo gur mianta nó riachtanais iad na nithe atá á gcur chun cinn sna fógraí sin.



Físeán